



An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en)

10257/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0141(NLE)

AELE 43
MI 600
N 42
FL 20
ISL 25
ESPACE 96

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (GOVSATCOM agus Nascthacht Shlán)

CINNEADH (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Prótacal 31
a ghabhann le Comhaontú LEE,
maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse
(GOVSATCOM agus Nascthacht Shlán)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2)
de, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le
socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach
Eacnamaíoch¹, agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 305, 30.11.1994, lch 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch² ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.
- (2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, *inter alia*, a leasú.
- (3) Is iomchuí cearta rannpháirtíochta Stáit LEE CSTE, faoi mar a chomhaontaigh na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i gCinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 319/2021 an 29 Deireadh Fómhair 2021, a leathnú chuig comhpháirt na Cumarsáide Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) de Chlár Spáis an Aontais agus is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chumhdach³.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú, dá réir sin.
- (5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

² IO L 1, 3.1.1994, lch 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

³ Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj>).

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú atá beartaithe ar Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, beidh sé bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
